**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an dearaidh atá faoi cheist:* Iarratasóir sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta

*Dearadh atá faoi cheist:* Dearadh Comhphobail Uimh. 6 352 332-0001 (Ábhair Tógála)

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí cealúcháin

*An cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 11 Feabhra 2022 i gCás R 2493/2020-3

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— cinneadh an Rannáin Cealúcháín an 20 Samhain 2020 i gCás ICD 108 309 a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus don iarratasóir um neamhbhailíocht costais na n-imeachtaí os comhair an Rannáin Cealúcháín, an Bhoird Achomhairc agus na Cúirte Ginearálta a íoc.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 62 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 14 Aibreán 2022 – Rimini Street v EUIPO – (OTHER COMPANIES DO SOFTWARE WE DO SUPPORT)**

**(Cás T-204/22)**

(2022/C 222/62)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Rimini Street, Inc. (Las Vegas, Nevada, na Stáit Aontaithe) (ionadaithe: E. Ratjen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil leis an trádmharc “OTHER COMPANIES DO SOFTWARE WE DO SUPPORT”– Iarratas ar chlárú Uimh. 1 559 651

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 14 Feabhra 2022 i gCás R 1389/2021-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO íoc as na costais.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (CE) 207/2009 ón gComhairle i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---